



2025/1985

3.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1985 ÓN gCOIMISIÚN
an 2 Deireadh Fómhair 2025

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1135 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ agus go háirithe Airteagail 9 agus 14(1) de, agus do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 15 agus 24(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Forchuireadh dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3014 ón gCoimisiún ⁽³⁾ agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1135 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, faoi seach. Le hiarraidh ar shoiléiriú ó údaráis chustaim, cuireadh ar a shúile don Choimisiún earráid sna rátaí dleachta a bhaineann le cuideachtaí a chomhoibrigh leis an imscrúdú frithdhumpála ach nár chomhoibrigh leis an imscrúdú fóirdheontais. Go háirithe, bhí Finolex Cables Limited faoi réir na ndleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála go hearráideach is infheidhme maidir le cuideachtaí neamh-chomhoibríocha sa dá imscrúdú, rud a bhí mícheart, agus bhí Aksh Optifibre Limited agus Polycab India Limited faoi réir na ndleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála is infheidhme maidir le cuideachtaí comhoibríocha sa dá imscrúdú, rud a bhí mícheart freisin.
- (2) Dá bhrí sin, ba ghá an ráta le haghaidh na gcuideachtaí sin a cheartú mar a léirítear thíos:

Cuideachta	Corrlach dumpála	Ráta fóirdheontais	Leibhéal díchuir na díobhála	Ráta dleachta frithchúitimh	Corrlach le haghaidh fóirdheontais atá ag brath ar onnmhairiú	Ráta dleachta frithdhumpála
Birla Cable Ltd; Universal Cables Ltd; Vindhya Telelinks Ltd	6,9 %	5,4 %	90,1 %	5,4 %	4,0 %	2,9 %
Sterlite Technologies Limited; Sterlite Tech Cables Solutions Limited	11,4 %	3,7 %	44,0 %	3,7 %	2,6 %	8,8 %

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj>.

⁽²⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj>.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3014 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia (IO L 2024/3014, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3014/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1135 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia (IO L 2025/1135, 11.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1135/oj).

Cuideachta	Corrlach dUMPála	Ráta fóirdheontais	Leibhéal díchuir na díobhála	Ráta dleachta frithchúitimh	Corrlach le haghaidh fóirdheontais atá ag brath ar onnmhairiú	Ráta dleachta frithdhumpála
HFCL Limited; HTL Limited	Ní bhaineann le hábhar	8,1 %	Ní bhaineann le hábhar	8,1 %	6,9 %	Ní bhaineann le hábhar
Cuideachtaí eile a chomhoibrigh sna himscrúduithe frith-fhóirdheontais agus frithdhumpála araon	9,0 %	5,8 %	71,2 %	5,8 %	4,6 %	4,4 %
Cuideachtaí eile a chomhoibrigh san imscrúdú frithdhumpála ach nár chomhoibrigh san imscrúdú frith-fhóirdheontais	9,0 %	8,1 %	71,2 %	8,1 %	6,9 %	2,1 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh na hIndia	11,4 %	8,1 %	90,1 %	8,1 %	6,9 %	4,5 %

- (3) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Airteagal 1, Airteagal 2 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1135 a leasú.
- (4) Ba cheart feidhm a bheith ag leibhéal athbhreithnithe na ndleachtanna ó theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1135 (12 Meitheamh 2025) chun a áirithiú nach ndéanfar dleachtanna breise a thobhach ar chuideachtaí. Tugtar treoir d'údarais chustaim méideanna iomchuí na ndleachtanna a bhailiú agus aon mhéid iomarcach a bailíodh go dtí seo a aisíoc i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.
- (5) An 1 Lúnasa 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhóirais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige na bearta frithdhumpála cinntitheacha agus na bearta frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia a cheartú ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh. Ní bhfuarthas aon bharúil.
- (6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1135 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(2):

‘2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithchúitimh cinntithe is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh chinntitheach	Cód breise TARIC
Birla Cable Ltd; Universal Cables Ltd; Vindhya Telelinks Ltd	5,4 %	89CF
Sterlite Technologies Limited; Sterlite Tech Cables Solutions Limited	3,7 %	89CG
HFCL Limited; HTL Limited	8,1 %	89CH
Cuideachtaí eile a chomhoibrigh san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus san imscrúdú frithdhumpála araon a liostaítear in Iarscríbhinn I	5,8 %	Féach Iarscríbhinn I
Gach allmhaire eile de thionscnamh na hIndia	8,1 %	C999'

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

‘(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(2):

“2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithe is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Birla Cable Ltd; Universal Cables Ltd; Vindhya Telelinks Ltd	2,9 %	89CF
Sterlite Technologies Limited; Sterlite Tech Cables Solutions Limited	8,8 %	89CG
Cuideachtaí eile a chomhoibrigh san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus san imscrúdú frithdhumpála araon a liostaítear in Iarscríbhinn I	4,4 %	Féach Iarscríbhinn I
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frithdhumpála ach nach bhfuil ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais a liostaítear in Iarscríbhinn II	2,1 %	Féach Iarscríbhinn II
Gach allmhaire eile de thionscnamh na hIndia	4,5 %	C999”

- (3) in Airteagal 2, leasaítear pointe (4) mar a leanas:
- ‘(4) cuirtear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne.’;
- (4) cuirtear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1135.

Airteagal 2

Aon dleacht frithdhumpála agus frithchúitimh chinntitheach chomhcheangailte arna híoc de bhun Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3014 agus (AE) 2025/1135 de bhreis ar na dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh cinntitheacha comhcheangailte a leagtar síos in Airteagal 1, déanfar í a aisíoc nó a loghadh. Ba cheart an aisíocaíocht nó an loghadh a iarraidh ó na húdaráis chustaim náisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 12 Meitheamh 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte de chuid na hIndia a chomhoibrigh san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus a chomhoibrigh san imscrúdú frithdhumpála freisin

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An India	Apar Industries Limited	89CK
An India	UM Cables Limited	89CM
An India	ZTT India Private Limited	89CN

IARSCRÍBHINN II

Táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte de chuid na hIndia nár chomhoibrigh ach san imscrúdú frithdhumpála

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An India	Aksh Optifibre Limited	89CJ
An India	Finolex Cables Limited	89IC
An India	Polycab India Limited	89CL